1. Soláthar a dhéanann eintitis soláthair a liostaítear i bhFoscríbhinní 20-A-1, 20-A-2 agus 20-A-3 d'aon cheann de na seirbhísí a chumhdaítear faoin bhFoscríbhinn seo, is soláthar faoi chumhdach é maidir le soláthraí seirbhíse MERCOSUR ach amháin a mhéid a chumhdaigh MERCOSUR an tseirbhís sin faoi Fhoscríbhinní 20-B-5, 20-C-5, 20-D-5 nó 20-E-5, faoi seach.

2. Níl feidhm ag Caibidil 20 maidir le seirbhísí nach mór d'eintitis a fháil ó eintiteas eile de bhun ceart eisiach a leagtar síos le dlí, rialachán nó foráil riaracháin atá foilsithe.

3. Maidir le seirbhísí baincéireachta agus infheistíochta, níl feidhm ag Caibidil 20 maidir le soláthar nó fáil seirbhísí gníomhaireachta fioscaí nó taisclainne, seirbhísí leachtaithe agus bainistíochta i gcomhair institiúidí airgeadais faoi rialáil nó seirbhísí a bhaineann le fiachas poiblí a dhíol, a fhuascailt agus a dháileadh, lena n-áirítear iasachtaí agus bannaí rialtais, nótaí agus urrúis eile.

   Sa tSualainn, is trí Chóras Poist Gíoró na Sualainne (Postgiro) a dhéanfar idirbhearta a bhaineann le híocaíochtaí le gníomhaireachtaí rialtais agus uathu.

4. Maidir le seirbhísí a chumhdaítear le ALT 866, níl feidhm ag Caibidil 20 maidir le seirbhísí eadrána agus idir-réitigh.

5. I ndáil leis an mBrasaíl, a mhéid a chumhdaítear iad sin san Fhoscríbhinn seo, eisiatar gach seirbhís san earnáil sláinte.

**Foscríbhinn 20-A-6**

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS LAMHÁLTAIS OIBREACHA

A. Seirbhísí foirgníochta:

1. Faoi réir na Nótaí Ginearálta i bhFoscríbhinn 20-A-7, cumhdaítear le Caibidil 20 na seirbhísí foirgníochta uile a liostaítear i Rannán 51 den Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach arna soláthar ag eintitis soláthair a shonraítear i bhFoscríbhinní 20-A-1 go 20-A-3.

2. Ciallaíonn ‘conradh seirbhísí foirgníochta’ conradh a bhfuil sé de chuspóir aige oibreacha sibhialta nó oibreacha tógála a bhaint amach ar cibé bealach, de réir bhrí Rannán 51 de ALT.

3. Soláthar a dhéanann eintitis soláthair a liostaítear faoi Fhoscríbhinní 20-A-1 go 20-A-3 d’aon cheann de na seirbhísí foirgníochta a chumhdaítear faoi Fhoscríbhinn 20-A-6, is soláthar faoi chumhdach é maidir le soláthraí seirbhíse foirgníochta ag Stát Sínithe MERCOSUR ach amháin a mhéid a chumhdaigh an Stát Sínithe MERCOSUR lena mbaineann an tseirbhís foirgníochta sin faoi Fhoscríbhinní 20-B-6, 20-C-6, 20-D-6 nó 20-E-6, faoi seach.

B. Lamháltais oibreacha:

1. Beidh conarthaí lamháltais oibreacha arna ndámhachtain ag eintitis soláthair a shonraítear i bhFoscríbhinn 20-A-1 faoi réir Airteagail 20.6 agus 20.11 atá teoranta do sholáthraithe seirbhísí foirgníochta na hAirgintíne agus na Brasaíle, ar choinníoll go bhfuil a luach cothrom le 5 000 000 (cúig mhilliún) CTS nó níos mó ná sin.

2. Chun críocha na Foscríbhinne seo, ciallaíonn ‘conradh lamháltais oibreacha’ conradh ar mhaithe le leas airgid a thugtar i gcrích i scríbhinn trína gcuireann eintitis soláthair de chúram ar oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó oibreacha a chur i gcrích, bíodh an breithniú air sin bunaithe ar an gceart leas a bhaint as na hoibreacha is ábhar don chonradh, agus é sin amháin, nó ar an gceart sin maille le híocaíocht. Is é a bheidh i gceist le dámhachtain lamháltais oibreacha riosca oibriúcháin a aistriú chuig na hoibreoirí eacnamaíocha maidir le leas a bhaint as na hoibreacha sin, ar riosca é lena gcuimsítear riosca éilimh nó soláthair, nó an dá rud. Níor cheart a ráthú go n-aisghabhfar na hinfheistíochtaí a rinneadh ná na costais a tabhaíodh agus na hoibreacha á n-oibriú.

NÓTAÍ GINEARÁLTA

1. Beidh feidhm ag na Nótaí seo a leanas:

   (a) Ní bheidh feidhm ag Caibidil 20 maidir le táirgí talmhaíochta a sholáthar arna ndéanamh ar mhaithe le cláir tacaíochta talmhaíochta agus le cláir beathaithe daoine (cúnamh bia lena n-áirítear cúnamh fóirithinte práinneach, mar shampla);

   (b) Ní bheidh feidhm ag Caibidil 20 maidir le soláthar ag craoltóirí chun ábhar cláir a fháil, a fhorbairt, a léiriú nó a chomhléiriú agus soláthar conarthaí le haghaidh am craolacháin;

   (c) ní chumhdaítear le Caibidil 20 conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis soláthair a shonraítear faoi Fhoscríbhinní 20-A-1 agus 20-A-2 i dtaca le gníomhaíochtaí i réimsí an uisce óil, an fhuinnimh, an iompair agus na hearnála poist, mura gcumhdaítear iad faoi Fhoscríbhinn 20-A-3; agus

   (d) I leith Oileáin Åland (Ahvenanmaa), tá feidhm ag coinníollacha speisialta Phrótacal Uimh. 2 maidir le hOileáin Åland a ghabhann le Conradh Aontachais na Fionlainne don Aontas Eorpach, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 26 Iúil 1994.

2. Beidh feidhm ag Iarscríbhinn 20-A maidir le hearraí, seirbhísí, soláthraithe agus soláthróirí de chuid Pharagua ón gcéad lá den dara mí tar éis dháta chur i bhfeidhm Iarscríbhinn 20-D. Mura dtugann Paragua an fógra i scríbhinn dá dtagraítear in Iarscríbhinn 20-D, ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn 20-A maidir le hearraí, seirbhísí, soláthraithe agus soláthróirí Pharagua.

**IARSCRÍBHINN 20-B**

AN AIRGINTÍN

& /ga 1

EINTITIS RIALTAIS LÁIR

Faoi réir na Nótaí Ginearálta i bhFoscríbhinn 20-B-7, tá feidhm ag Caibidil 20 maidir leis an soláthar a dhéanann eintitis na hAirgintíne a liostaítear san Fhoscríbhinn seo, má tá luach an tsoláthair arna mheas i gcomhréir le hAirteagal 20.4 cothrom leis na tairseacha seo a leanas nó má sháraíonn sé iad:

(a) Maidir le hearraí agus seirbhísí

(i) Ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh an 5ú (an cúigiú) bliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm, agus uaidh sin ar aghaidh: 800 000 CTS (ocht gcéad míle).

(ii) Ón 6ú (séú) bliain go dtí deireadh an 10ú (an deichiú) bliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 500 000 CTS (cúig chéad míle).

(iii) Ón 11ú bliain (an t-aonú bliain déag) go dtí deireadh an 15ú bliain (an cúigiú bliain déag) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 300 000 CTS (trí chéad míle).

(iv) Ón 16ú bliain (séú bliain déag) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 130 000 CTS (céad is tríocha míle).

(b) Maidir le seirbhísí foirgníochta

(i) Ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh an 5ú (an cúigiú) bliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm, agus uaidh sin ar aghaidh: 8 000 000 CTS (ocht milliún).

(ii) Ón 6ú (séú) bliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 5 000 000 CTS (cúig mhilliún).

Tá feidhm ag Caibidil 20 maidir le heintitis rialtais na hAirgintíne a liostaítear thíos:

1. An Riarachán Lárnach[1]

Tá feidhm ag Caibidil 20 maidir le heintitis uile an riaracháin lárnaigh a liostaítear thíos, lena n-áirítear a eintitis láraithe fho-ordaithe (secretarías, subsecretarías, direcciones nacionales, direcciones simples y organismos desconcentrados)[2], mura n-eisiatar go sonrach iad:

– Presidencia de la Nación (gan Agencia Federal de Inteligencia a áireamh);

– Jefatura de Gabinete de Ministros;

– Ministerio del Interior, Obras Públicas y Vivienda;

– Ministerio de Relaciones Exteriores y Culto;

– Ministerio de Justicia y Derechos Humanos;

– Ministerio de Seguridad;

– Ministerio de Defensa;

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear le riarachán lárnach eintitis nó comhlachtaí díláraithe, fiontair stáit agus eintitis nó comhlachtaí eile de chuid an riaracháin phoiblí náisiúnta.

[2] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, seo a leanas an t-aistriúchán Béarla: rúnaíochtaí, fo-rúnaíochtaí, stiúrthóireachtaí náisiúnta, stiúrthóireachtaí simplí agus eintitis nó comhlachtaí díláraithe.

– Ministerio de Hacienda;

– Ministerio de Producción y Trabajo;

– Ministerio de Transporte;

– Ministerio de Educación, Cultura, Ciencia y Tecnología;

– Ministerio de Salud y Desarrollo Social; agus

– Ministerio de Agricultura, Ganadería y Pesca.

2. Decentralised entities

– Sindicatura General de la Nación;

– Instituto Nacional del Agua;

– Dirección Nacional del Registro Nacional de las Personas;

– Dirección Nacional de Migraciones;

– Tribunal de Tasaciones de la Nación;

– Instituto Nacional de Asuntos Indígenas;

– Instituto Nacional contra la Discriminación, la Xenofobia y el Racismo;

– Centro Internacional para la Promoción de los Derechos Humanos;

– Comisión Nacional de Valores;

– Superintendencia de Seguros de la Nación;

– Superintendencia de Servicios de Salud;

– Tribunal Fiscal de la Nación;

– Unidad de Información Financiera;

– Instituto Nacional de Tecnología Industrial;

– Instituto Nacional de la Propiedad Industrial;

– Instituto Nacional de Tecnología Agropecuaria;

– Instituto Nacional de Investigación y Desarrollo Pesquero;

– Instituto Nacional de Vitivinicultura;

– Instituto Nacional de Semillas;

– Servicio Nacional de Sanidad y Calidad Agroalimentaria;

– Instituto Nacional de Promoción Turística;

– Dirección Nacional de Vialidad;

– Comisión Nacional de Regulación del Transporte;

– Organismo Regulador del Sistema Nacional de Aeropuertos;

– Administración Nacional de Aviación Civil;

– Junta de Investigación de Accidentes de Aviación Civil;

– Servicio Geológico Minero Argentino;

– Ente Nacional Regulador del Gas;

– Ente Nacional Regulador de la Electricidad;

– Ente Nacional de Comunicaciones;

– Comisión Nacional de Evaluación y Acreditación Universitaria (CONEAU);

– Consejo Nacional de Investigaciones Científicas y Técnicas (CONICET);

– Biblioteca Nacional ‘Dr. Mariano Moreno’;

– Instituto Nacional del Teatro;

– Fondo Nacional de las Artes;

– Superintendencia de Riesgos del Trabajo;

– Instituto Nacional Central Único Coordinador de Ablación e Implante;

– Administración Nacional de Laboratorios e Institutos de Salud Dr. Carlos Malbrán;

– Instituto Nacional de Rehabilitación Psicofísica del Sur Dr. Juan Otimio Tesone;

– Administración de Parques Nacionales;

– Instituto Nacional de Asociativismo y Economía Social; agus

– Teatro Nacional Cervantes.

3. Social security institutions

– Caja de Retiros, Jubilaciones y Pensiones de la Policía Federal Argentina;

– Instituto de Ayuda Financiera para pago de Retiros y Pensiones Militares; agus

– Administración Nacional de la Seguridad Social.

EINTITIS RIALTAIS FO-LÁIR

Tionscnóidh an Airgintín imeachtaí comhairliúcháin inmheánacha lena rialtais chúigeacha agus le rialtas Chathair Fhéinrialaitheach Buenos Aires, d'fhonn leibhéal sásúil cumhdaigh a ghealladh ar an leibhéal fo-lárnach. Déanfar comhairliúcháin d'fhonn na heintitis uile faoi na rialtais fho-láir sin a fhostú. Measfar an cumhdach a bheith sásúil má chuimsíonn sé rialtais fho-láir a ghineann 65 % (seasca a cúig faoin gcéad) ar a laghad dá OTI náisiúnta[1].

Tabharfaidh an Airgintín na comhairliúcháin sin i gcrích tráth nach déanaí ná 2 (dhá) bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus tabharfaidh sí fógra láithreach don Aontas Eorpach faoi thorthaí na gcomhairliúchán sin.

Ar choinníoll gur baineadh amach an cumhdach sásúil a leagtar amach faoin gcéad mhír den Fhoscríbhinn seo, glacfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh an Fhoscríbhinn seo a mhodhnú dá réir.

Mura mbeidh toradh sásúil laistigh den tréimhse a leagtar síos mar thoradh ar chomhairliúcháin ar an leibhéal fo-lárnach, rachaidh an tAontas Eorpach agus an Airgintín i gcomhairle le chéile d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí do Chaibidil 20.

[1] Chun cumhdach sásúil a ríomh, úsáidfear OTI náisiúnta na bliana a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm mar thagairt, arna ríomh ag Institiúid Náisiúnta um Staidreamh agus Daonáireamh (INDEC) na hAirgintíne.

EINTITIS EILE

Ní chumhdaíonn Caibidil 20 eintitis eile.

EARRAÍ

Faoi réir na Nótaí a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo agus na Nótaí Ginearálta i bhFoscríbhinn 20-B-7, cumhdaítear le Caibidil 20 gach soláthar earraí de chuid an rialtais a dhéanann eintitis na hAirgintíne a liostaítear i bhFoscríbhinn 20-B-1, cé is moite de na hearraí a chomhfhreagraíonn don Chóras Comhchuibhithe (CC) a liostaítear thíos:

– 8528: monatóirí agus teilgeoirí nach gcuimsíonn gléasra glactha teilifíse; gléasra glactha le haghaidh teilifíse, bíodh glacadóir craolta raidió nó gléasra taifeadta nó atáirgthe fuaime nó físe ann nó ná bíodh;

– 9403: Troscán eile agus páirteanna díobh;

– 8415: Meaisíní aerchóirithe; ina bhfuil gaothrán mótarthiomáinte agus eilimintí chun an teocht agus taise an aeir a athrú, lena n-áirítear na meaisíní nach féidir taise an aeir a rialú ann ar leithligh;

– 940130: suíocháin sclóine ar féidir a n-airde a athrú;

– 4802: Páipéar neamhbhrataithe agus páipéarchlár neamhbhrataithe, de chineál a úsáidtear chun críocha na scríbhneoireachta, na clódóireachta nó chun críocha eile grafaicí, agus pollchártaí neamhphollta agus páipéar téip-phollta, ina rollaí nó ina leatháin dhronuilleogacha (lena n-áirítear leatháin chearnóga), ar thomhas ar bith, seachas páipéar atá faoi cheannteideal 48.01 nó 48.03; páipéar lámhdhéanta agus páipéarchlár lámhdhéanta;

– 3215: Dúch clódóireachta, dúch scríbhneoireachta nó líníochta agus dúigh eile, bídís dlúth nó soladach nó ná bídís;

– 4901: Leabhair chlóite, bróisiúir, bileoga eolais, agus ábhar clóite comhchosúil, bídís ina mbileoga aonair nó ná bídís.

Nótaí a ghabhann le Foscríbhinn 20-B-4:

Eisiatar ó Chaibidil 20 soláthar na n-earraí seo a leanas a shloinntear sa Chóras Comhchuibhithe (CC) ag na hAireachtaí seo a leanas:

Ministerio de Defensa agus Ministerio de Seguridad:

– 61: Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, cniotáilte nó cróiseáilte;

– 62: Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, gan chniotáil ná chróiseáil;

– 4203: Baill éadaigh nó gabhálais éadaigh, iad déanta as leathar nó leathar comhdhéanta;

– 64: Coisbhearta, loirgneáin agus a leithéidí; comhpháirteanna de na hearraí sin;

– 6506.10: Clogaid philéardhíonacha amháin;

– 6307.90.90: Veisteanna piléardhíonacha amháin;

– Trealamh míleata.

– 8904: tugaí agus brúshoithí.

– 8906: soithí eile, lena n-áirítear longa cogaidh agus báid tarrthála seachas báid iomraimh

Ministerio de Seguridad:

– 8702: Mótarfheithiclí chun deichniúr nó níos mó a iompar, an tiománaí san áireamh;

– 8703: Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá ceaptha go príomha chun daoine a iompar (seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 8702), lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus carranna rásaíochta;

– 8704: Mótarfheithiclí chun earraí a iompar;

– 8705: Mótarfheithiclí sainchuspóireacha, seachas iad siúd atá ceaptha go príomha chun daoine nó earraí a iompar (mar shampla, leoraithe deisithe, leoraithe craenach, feithiclí comhraicthe dóiteáin, leoraithe measctha coincréite, leoraithe scuabadóra bóthair, leoraithe spraeála, ceardlanna taistil, aonaid raideolaíocha taistil);

– 8903: Báid amháin.

Ministerio de salud y desarrollo social:

– 2005: Glasraí eile ullmhaithe nó leasaithe seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, gan bheith reoite, seachas táirgí atá faoi cheannteideal 20.06;

– 0402: Bainne agus uachtar, agus iad comhdhlúite nó siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leo;

– 1006: Rís;

– 1902: Pasta, bíodh sé cócaráilte nó líonta le búiste (feola nó substaint eile) nó ná bíodh, nó ullmhaithe ar bhealach eile, amhail spaigití, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, raiviólaí, canalóiní; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh;

– 2106.90.30: comhlánuithe cothaithe;

– 3002.12.23: tiúchán fhachtóir VIII;

– 3002.15.10: béite inteirféaróin; alfa-2-a peiginteirféaróin;

– 3002.15.20: baisilicsiomab (DCI); beavacasúmab (DCI); daicliosúmab (DCI); eatanairceipt (DCI); ózagaimicin ghamtúsamab (DCI); oipreilveicin (DCI); riotoicsiomab (DCI); trastusúmab (DCI).

– 3002.20: vacsaíní leighis dhaonna;

– 3003: íoca leighis (seachas earraí atá faoi cheannteideal 30.02, 30.05 nó 30.06) arb é atá iontu dhá chomhábhar nó níos mó a meascadh le chéile le haghaidh úsáidí teiripeacha nó próifiolacsacha, nach bhfuil cóirithe ina ndáileoga tomhaiste nó i bhfoirmeacha nó i bpacáistí lena miondíol;

– 3004: íoca leighis (seachas earraí atá faoi cheannteideal 30.02, 30.05 nó 30.06) arb é atá iontu táirgí measctha nó táirgí neamh-mheasctha chun úsáidí teiripeacha nó próifiolacsacha, atá cóirithe ina ndáileoga tomhaiste (lena n-áirítear iad siúd atá le tabhairt ar bhealach trasdeirmeach) nó i bhfoirmeacha nó i bpacáistí lena miondíol;

– 3005: flocas, uige, bindealáin agus earraí comhchosúla (mar shampla, cóirithe, greimlíní, ceiríní), atá tuilithe nó brataithe le substaintí cógaisíochta nó cóirithe i bhfoirmeacha nó i bpacáistithe lena miondíol chun críoch míochaine, máinliachta, déidliachta nó tréidliachta;

– 3006: earraí cógaisíochta atá sonraithe i Nóta 4 a ghabhann leis an gcaibidil CC comhfhreagrach;

– 8419.20: steirileoirí míochaine, máinliachta nó saotharlainne;

– 9018: uirlisí agus fearais a úsáidtear sna heolaíochtaí míochaine, máinliachta, fiaclóireachta nó tréidliachta, lena n-áirítear gléasra drithleagrafaíochta, gléasra eile leictreomíochaine agus uirlisí radhairc:

– 9019: fearais mheicnitheiripe; gléasra suathaireachta; gléasra trialach inniúlachta síceolaíche; gléasra le haghaidh teiripe ózóin, teiripe ocsaigine, teiripe aerasóil, riospráid shaorga nó gléasra riospráide teiripí eile;

– 9021: fearais ortaipéideacha, lena n-áirítear maidí croise, criosanna agus trusanna máinliachta; cléithíní agus fearais eile de chineál a úsáidtear i gcás cnámh bhriste; codanna saorga den chorp; áiseanna éisteachta agus fearais eile a chaitear nó a iompraítear nó atá ionphlandaithe sa chorp chun éalang nó míchumas a chúiteamh;

– 9022: gléasra atá bunaithe ar úsáid x-ghathanna nó radaíochtaí alfa, béite nó gáma, bídís le húsáid sna réimsí míochaine, máinliachta, fiaclóireachta nó tréidliachta nó ná bídís, lena n-áirítear gléasra radagrafaíochta nó gléasra radaiteiripe, feadáin x-ghathacha agus gineadóirí x-ghathanna eile, gineadóirí ardteannais, painéil rialúcháin agus deasca, scáileáin, boird agus cathaoireacha scrúdaithe nó cóireála agus a leithéidí;

– 9025: hidriméadair agus uirlisí comhchosúla a bhíonn ar snámh ar uisce, teirmiméadair, piriméadair, baraiméadair, taismhéadair agus sícriméadair, arb uirlisí iad is féidir nó nach féidir a úsáid le taifeadadh, agus aon mheascán de na huirlisí sin.

# SEIRBHÍSÍ

Faoi réir na Nótaí Ginearálta i bhFoscríbhinn 20-B-7, cumhdaítear le Caibidil 20 gach soláthar seirbhísí rialtais a liostaítear thíos, arna dhéanamh ag eintitis na hAirgintíne a liostaítear i bhFoscríbhinn 20-B-1. Sainaithnítear na seirbhísí a liostaítear thíos i gcomhréir le hAicmiú Lárnach Táirgí (ALT) Sealadach na Náisiún Aontaithe, mar atá i ndoiciméad MTN.GNS/W/120.

## LIOSTA UM AICMIÚ EARNÁLA SEIRBHÍSÍ

### EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA ALT COMHFHREAGRACH

1. SEIRBHÍSÍ GNÓ — Roinn B

A. Seirbhísí gairmiúla

a. Seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta agus leabharchoimeádta — 862

B. Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara

a. Seirbhísí sainchomhairleoireachta a bhaineann le suiteáil crua-earraí ríomhaire — 841

b. Seirbhísí maidir le bogearraí a chur chun feidhme — 842

c. Seirbhísí próiseála sonraí — 843

d. Seirbhísí bunachair sonraí 844

e. Eile 845+849

F. Seirbhísí gnó eile

a. Seirbhísí fógraíochta 871

b. Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna 864

c. Seirbhís sainchomhairleoireachta bainistíochta 865

d. Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bhainistíochta 866

e. Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla 8676

h. Seirbhísí a bhaineann leis an mianadóireacht 883+5115

m. Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla 8675

n. Cothabháil agus deisiú trealaimh (seachas soithí muirí, aerárthaí agus trealamh iompair eile) 663+8861-8866

o. Seirbhísí glantacháin foirgneamh 874

p. Seirbhísí grianghrafadóireachta (gan seirbhísí grianghrafadóireachta speisialtachta agus seirbhísí próiseála scannán a áireamh) (ALT 87504 agus 87506) 875

q. Seirbhísí pacáistithe 876

| | | | |
|---|---|---|---|
| | r. | Clódóireacht, foilsitheoireacht | 88442 |
| | s. | Seirbhísí coinbhinsiúin | 87909* |
| 2. | SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE | | |
| | B. | Seirbhísí cúiréireachta | 7512 |
| | C. | Seirbhísí teileachumarsáide: Ní áirítear leis seo saoráidí satailíte a sholáthar do shatailítí saorga geochobhsaí sna seirbhísí satailíte fosaithe. | |
| | a. | Seirbhísí guth-theileafóin | 7521 |
| | b. | Seirbhísí tarchurtha sonraí paicéadlasctha | 7523** |
| | c. | Seirbhísí tarchurtha sonraí ciorcadlasctha | 7523** |
| | d. | Seirbhísí teiléacs | 7523** |
| | e. | Seirbhísí teileagraif | 7522 |
| | f. | Seirbhísí facs | 7521**+7529** |
| | g. | Seirbhísí príobháideacha ciorcaid léasa | 7522**+7523** |
| | h. | Ríomhphost | 7523** |
| | i. | Glórphost | 7523** |

* Léirítear leis an (*) go bhfuil an tseirbhís a shonraítear ina comhpháirt de mhír ALT níos comhiomlánaithe atá sonraithe in áiteanna eile sa liosta aicmiúcháin seo.

** Léirítear le (**) nach bhfuil sa tseirbhís a shonraítear ach cuid den raon iomlán gníomhaíochtaí a chumhdaítear le comhréireacht ALT (e.g. níl sa ghlórphost ach comhpháirt de mhír ALT 7523).

j. Aisghabháil faisnéise ar líne agus faisnéise ó bhunachair sonraí 7523**

k. Idirmhalartú leictreonach sonraí (EDI) 7523**

l. Seirbhísí facs feabhsaithe/breisluacha, lena n-áirítear stóráil agus cur ar aghaidh, stóráil agus aisghabháil 7523**

m. Cód agus tiontú prótacail Ní bhaineann le hábhar.

n. Próiseáil ar líne agus/nó próiseáil sonraí (lena n-áirítear próiseáil idirbheart)843**

o. Eile

6. SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

A. Seirbhísí séarachais 9401

B. Seirbhísí diúscartha bruscair 9402

C. Sláintíocht agus seirbhísí comhchosúla 9403

9. SEIRBHÍSÍ TURASÓIREACHTA AGUS SEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE TAISTEAL

A. Óstáin agus bialanna (lena n-áirítear seirbhísí lónadóireachta) 641-643

B. Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus seirbhísí tionscnóirí turais 7471

C. Seirbhísí treoraithe do thurasóirí 7472

# SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS LAMHÁLTAIS OIBREACHA

## 1. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

Faoi réir na Nótaí a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo agus na Nótaí Ginearálta i bhFoscríbhinn 20-B-7, cumhdaítear le Caibidil 20 gach soláthar rialtais seirbhísí foirgníochta atá liostaithe i Rannán 51 den Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach arna dhéanamh ag eintitis na hAirgintíne atá liostaithe i bhFoscríbhinn 20-B-1.

## 2. LAMHÁLTAIS OIBREACHA

Nuair a dhámhann eintitis atá liostaithe i bhFoscríbhinn 20-B-1 na lamháltais oibreacha agus nuair atá siad faoi réir na dtairseach is infheidhme maidir le conarthaí seirbhísí foirgníochta mar a shonraítear i bhFoscríbhinn 20-B-1, is iad Airteagal 20.6 agus Airteagal 20.11 na hairteagail i gCaibidil 20 a bhfuil feidhm acu maidir le conarthaí lamháltais oibreacha, agus na hairteagail sin amháin.

Chun críocha na míre seo, ciallaíonn conarthaí lamháltais oibreacha aon chomhaontú conarthach arb é a phríomhchuspóir bonneagar fisiciúil, gléasraí, foirgnimh, saoráidí, nó oibreacha eile atá faoi úinéireacht an rialtais a thógáil nó a athshlánú, agus faoina ndeonaíonn eintiteas soláthair do sholáthróir, trí chonradh agus ar feadh tréimhse shonraithe, an úinéireacht shealadach nó an ceart chun úsáid na n-oibreacha sin a rialú, a oibriú agus a éileamh ar feadh ré an chonartha.

Nóta a ghabhann le Foscríbhinn 20-B-6:

Maidir le conarthaí soláthair earraí i dtaca le conradh seirbhísí foirgníochta, lena n-áirítear conarthaí lamháltais oibreacha, forchoimeádann an Airgintín an ceart chun fabhair praghsanna a chur i bhfeidhm de réir a dlí le haghaidh na n-earraí seo a leanas, a shloinntear sa Chóras Comhchuibhithe (CC), le haghaidh na n-idirthréimhsí seo a leanas:

– CC 8410[1] agus CC 8504[2]: ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh an 9ú (an naoú) bliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm; ón 10ú (deichiú) bliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh, ní chuirfear aon fhabhar praghais i bhfeidhm; agus

– CC 8414[3] agus CC 8428[4]: ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh an 4ú (an ceathrú) bliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm; ón 5ú (cúigiú) bliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh, ní chuirfear aon fhabhar praghais i bhfeidhm.

---

1 Tuirbíní hiodrálacha, rothaí uisce, maille leis na rialtáin a ghabhann leo.

2 Claochladáin leictreacha, tiontairí statacha (mar shampla, coigeartóirí) agus ionduchtóirí.

3 Caidéil aeir nó folúis, comhbhrúiteoirí agus gaothráin aeir nó gáis eile; cochaill aerála nó athchúrsála lena gcuimsítear gaothrán; bídís feistithe le scagairí nó ná bídís.

4 Innealra eile tógála, láimhseála, luchtaithe nó díluchtaithe (mar shampla, ardaitheoirí, staighrí creasa, iompróirí, telefeiricí).

NÓTAÍ GINEARÁLTA

Tá feidhm ag na nótaí ginearálta seo a leanas maidir le Caibidil 20:

1. Ní bheidh feidhm ag Caibidil 20 maidir le haon chineál fabhair ná buntáiste atá dírithe ar FBManna[1]. Féadfar a áireamh leis an bhfabhar nó leis an mbuntáiste aon fhabhar praghais, an ceart chun feabhas a chur ar an tairiscint bhunaidh, nó an ceart eisiach chun earra nó seirbhís a sholáthar. Beidh rochtain ar na fabhair nó buntáistí thuasluaite ar fáil chomh maith céanna d'fhiontair de chuid an Aontais Eorpaigh atá cláraithe mar mhicrifhiontair agus mar fhiontair bheaga agus mheánmhéide san Airgintín. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, is féidir le fiontair an Aontais Eorpaigh clárú mar mhicrifhiontair, mar fhiontair bheaga agus mar fhiontair mheánmhéide san Airgintín i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa dlí ábhartha is infheidhme.

2. Níl feidhm ag Caibidil 20 maidir le soláthar rialtais réamhthráchtála atá dírithe ar réitigh nuálacha ar riachtanais na hearnála poiblí a fhorbairt agus forbairt na réiteach sin a chur chun cinn. Áirítear le soláthar rialtais réamhthráchtála smaoineamh an táirge, ceapadh réiteach, fréamhshamhaltú, forbairt agus bailíochtú bunaidh nó tástáil sraith theoranta de chéad táirgí.

   Gach 3 (trí) bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cuirfidh an Airgintín an tAontas Eorpach ar an eolas faoin soláthar rialtais réamhthráchtála a rinneadh le linn na tréimhse sin.

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le FBManna micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontraithe. Saintréithe na gcuideachtaí a mheasfar a bheith ina FBManna, féadfaidh an Airgintín na saintréithe sin a shainiú agus sainiúlachtaí mhéideanna, earnálacha agus réigiúin éagsúla na tíre á gcur san áireamh aige, bunaithe ar cheann amháin de na tréithe seo a leanas, ar roinnt acu, ar na tréithe uile nó ar choibhéisí na tréithe seo: pearsanra fostaithe nó áititheach, luach díolachán bliantúil agus luach sócmhainní a chuirtear i bhfeidhm ar an bpróiseas táirgthe, i measc nithe eile, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta. Saineofar na saintréithe sin i ndlíthe agus i rialacháin ghinearálta na hAirgintíne agus ní in aon dlí ná rialachán a bhfuil feidhm eisiach aige maidir le soláthar rialtais.

3. Níl feidhm ag Caibidil 20 maidir le lámhaltais seirbhísí.

4. Níl feidhm ag Caibidil 20 maidir le soláthar poiblí earraí agus seirbhísí ó bhunaíochtaí táirgiúla feirmeoirí teaghlaigh nó comharchumainn feirmeoirí teaghlaigh atá cláraithe i gClárlann Náisiúnta Feirmeoirí Teaghlaigh arna dhéanamh ag an rialtas náisiúnta chun bia a sholáthar in ospidéil, i scoileanna, i gceaintíní pobail, in institiúidí faoin gcóras peannaideach náisiúnta, i bhfórsaí armtha agus in institiúidí poiblí eile faoin rialtas náisiúnta.

5. D'ainneoin Airteagal 20.14(5), féadfaidh an Airgintín soláthróir a eisiamh más amhlaidh:

(a) go bhfuil díotáil dheimhnithe ann i gcoinne an tsoláthróra mar gheall ar choireanna in aghaidh maoine, nó in aghaidh an riaracháin phoiblí, nó in aghaidh mhuinín an phobail agus meon macánta, nó sciúradh sócmhainní nó coireanna airgeadais eile, nó i leith coireanna a leagtar amach sa Choinbhinsiún Idir-Mheiriceánach in aghaidh an Éillithe, arna ghlacadh ag an tríú seisiún iomlánach, a tionóladh an 29 Márta 1996; nó

(b) gurb é atá sa soláthróir:

(i) gníomhaire nó oifigeach de chuid earnáil phoiblí na hAirgintíne; nó

(ii) fiontar ina bhfuil rannpháirtíocht leordhóthanach ag an ngníomhaire nó ag an oifigeach sin chun próiseas cinnteoireachta an fhiontair a rialú.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i soláthairtí faoin gcóras comhpháirtíochta príobháidí poiblí, áirítear imeacht dócmhainneachta leanúnach sa tagairt d'fhéimheacht i bhfomhír (a) d'Airteagal 20.14(5).

6. Forchoimeádann an Airgintín an ceart chun conarthaí a dhámhachtain ar bhealaí eile seachas nósanna imeachta tairisceana oscailte nó ar cuireadh sna cásanna seo a leanas:

(a) soláthar a dhéantar chun innealra, feithiclí, trealamh nó innill a dheisiú a bhfuil a ndí-armáil, a n-aistriú nó a réamhscrúdú riachtanach chun an deisiú is gá a chinneadh agus beidh sé níos costasaí nós imeachta conarthach eile a ghlacadh; ní fhéadfar an eisceacht sin a úsáid le haghaidh deisiúcháin chomhchothabhála na n-earraí sin;

(b) soláthar rialtais arna dhéanamh idir dlínsí agus eintitis de chuid an rialtais náisiúnta, nó idir dlínsí agus eintitis den sórt sin agus eintitis chúigeacha nó bhardasacha nó eintitis de chuid Rialtas Chathair Fhéinrialaitheach Buenos Aires, chomh maith le fiontair ina bhfuil rannpháirtíocht tromlaigh ag an Airgintín, ar choinníoll gurb é is cuspóir don soláthar seirbhísí slándála, lóistíochta nó sláinte a sholáthar;

(c) soláthar rialtais arna dhéanamh idir dlínsí agus eintitis de chuid an rialtais náisiúnta agus ollscoileanna náisiúnta; agus

(d) i gcás oibreacha comhlántacha atá fíor-riachtanach chun obair phoiblí leanúnach (seirbhísí foirgníochta) a chur i gcrích, nach bhféadfaí a thuar sa tionscadal bunaidh agus nach bhféadfaí a áireamh sa chonradh faoi seach; ní sháróidh luach na gconarthaí arna ndámhachtain le haghaidh oibreacha comhlántacha den sórt sin na teorainneacha a leagtar síos le dlí na hAirgintíne, nach sáróidh i gcás ar bith 50 % (caoga faoin gcéad) de luach an phríomhchonartha.

7. Ní bheidh feidhm ag Caibidil 20 maidir le soláthar rialtais a dhéantar lasmuigh de chríoch na hAirgintíne lena thomhailt lasmuigh den chríoch sin.

8. D’ainneoin Airteagal 20.11 (Fritháirimh), i gcás ina ndéanann na heintitis a liostaítear i bhFoscríbhinn 20-B-1 soláthar rialtais a chumhdaítear le Caibidil 20, féadfaidh an Airgintín aon chineál fritháirimh a lorg nó a fhorchur, i gcomhréir lena dlí, le haghaidh suas le 50 % (caoga faoin gcéad) de luach an tsoláthair, lena n-áirítear go gceannaíonn an soláthróir a dámhadh earraí agus seirbhísí áitiúla a bhaineann le cuspóir an tsoláthair.

Ón 11ú bliain (an t-aonú bliain déag) go dtí deireadh an 15ú bliain (cúigiú bliain déag) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní fhéadfaidh an Airgintín ach fritháirimh suas le 35 % (tríocha a cúig faoin gcéad) de luach an tsoláthair a lorg nó a fhorchur.

Ní bheidh feidhm ag na teorainneacha a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den mhír seo maidir le soláthairtí arna ndéanamh ag an Ministerio de seguridad nó ag an Ministerio de defensa.

Ón 16ú bliain (an séú bliain déag) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní rachaidh fritháirimh thar 20 % (fiche faoin gcéad) de luach an tsoláthair.

Léireofar fritháirimh san fhógra faoi sholáthar beartaithe, sonrófar iad sa doiciméadacht tairisceana agus cuirfear i bhfeidhm iad ar an mbealach céanna i measc na soláthróirí rannpháirteacha uile.

Gach 3 (trí) bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cuirfidh an Airgintín an tAontas Eorpach ar an eolas faoi úsáid na bhfritháireamh a rinneadh le linn na tréimhse sin.

9. D’ainneoin Airteagal 20.13(1), i gcás eintitis soláthair a chumhdaítear faoi Fhoscríbhinn 20-B-1, féadfaidh an Airgintín idirthréimhse suas le 18 mí (ocht mí dhéag) a chur i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Soláthróidh na heintitis sin, le linn na hidirthréimhse sin, a bhfógraí faoi sholáthar beartaithe trí naisc i suíomh leictreonach tairsí atá inrochtana saor in aisce.

**IARSCRÍBHINN 20-C**

CUMHDACH NA BRASAÍLE MAIDIR LE SOLÁTHAR RIALTAIS

EINTITIS RIALTAIS LÁIR

Liosta na Brasaíle

Mura sonraítear a mhalairt, tá feidhm ag Caibidil 20 maidir leis na heintitis a liostaítear thíos, lena n-áirítear a ngníomhaireachtaí gaolmhara faoi seach[1], i gcás ina bhfuil luach an tsoláthair cothrom leis an méid seo a leanas nó níos mó ná an méid seo a leanas:

Maidir le hEarraí agus Seirbhísí

– Ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh an 7ú (an seachtú) bliain tar éis a theacht i bhfeidhm, agus uaidh sin ar aghaidh: 216.000 CTS.

– Ón 8ú bliain (ochtú bliain) tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 130.000 CTS

Maidir le Seirbhísí Foirgníochta

– Ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh an 7ú (an seachtú) bliain tar éis a theacht i bhfeidhm, agus uaidh sin ar aghaidh: 8,000,000 CTS.

– Ón 8ú bliain (ochtú bliain) tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 5,000,000 CTS.

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsíonn ‘gníomhaireachtaí gaolmhara’ fochomhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an dlí phoiblí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leithligh acu laistigh de struchtúr na n-eintiteas a liostaítear san Iarscríbhinn seo.

1. An Brainse Feidhmiúcháin:

– Advocacia-Geral da União

– Casa Civil da Presidência da República

– Controladoria-Geral da União

– Gabinete de Segurança Institucional da Presidência da República

– Presidência da República

– Secretaria de Comunicação Social da Presidência da República

– Secretaria de Relações Institucionais da Presidência da República

– Secretaria-Geral da Presidência da República

– Vice-Presidência da República

– Ministério da Agricultura e Pecuária

– Ministério da Ciência, Tecnologia e Inovação

– Ministério da Cultura

– Ministério da Defesa

– Ministério da Educação

– Ministério da Fazenda

– Ministério da Gestão e da Inovação em Serviços Públicos

– Ministério da Igualdade Racial

– Ministério da Integração e do Desenvolvimento Regional

– Ministério da Justiça e Segurança Pública

– Ministério da Pesca e Aquicultura

– Ministério da Previdência Social

– Ministério da Saúde

– Ministério das Cidades

– Ministério das Comunicações

– Ministério das Mulheres

– Ministério das Relações Exteriores

– Ministério de Minas e Energia

– Ministério de Portos e Aeroportos

– Ministério do Desenvolvimento Agrário e Agricultura Familiar

– Ministério do Desenvolvimento e Assistência Social, Família e Combate à Fome

– Ministério do Desenvolvimento, Indústria, Comércio e Serviços

– Ministério do Empreendedorismo, da Microempresa e da Empresa de Pequeno Porte

– Ministério do Esporte

– Ministério do Meio Ambiente e Mudança do Clima

– Ministério do Planejameno e Orçamento

– Ministério do Trabalho e Emprego

– Ministério do Turismo

– Ministério dos Direitos Humanos e da Cidadania

– Ministério dos Povos Indígenas

– Ministério dos Transportes

2. An Brainse Breithiúnach:

– Conselho Nacional de Justiça

– Defensoria Pública da União

– Justiça do Distrito Federal e dos Territórios

– Justiça do Trabalho (Tribunais Regionais do Trabalho)

– Justiça Eleitoral (Tribunais Regionais Eleitorais)

– Justiça Federal (Tribunais Regionais Federais)

– Ministério Público da União

– Superior Tribunal de Justiça – STJ

– Superior Tribunal de Justiça Militar – STM

– Supremo Tribunal Federal – STF

– Tribunal Superior do Trabalho

– Tribunal Superior Eleitoral – TSE

3. An Brainse Reachtach:

– Câmara dos Deputados

– Senado Federal

– Tribunal de Contas da União

Nótaí a ghabhann le Foscríbhinn 20-C-1

(a) Ní áirítear na heintitis seo a leanas san Fhoscríbhinn seo: INCRA (Instituto Nacional de Colonização e Reforma Agrária); AEB (Agência Espacial Brasileira); CNEN (Comissão Nacional de Energia Nuclear); agus INPI (Instituto Nacional da Propriedade Industrial).

(b) Nuair a sholáthraíonn Presidência da República, Ministério da Gestão e da Inovação em Serviços Públicos, Ministério das Relações Exteriores agus Ministério da Justiça e Segurança Pública iad, níl feidhm ag Caibidil 20 maidir le seirbhísí a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise ar nós forbairt agus cothabháil bogearraí a úsáidtear i gcriptiú cumarsáide, stórála agus cothabhála bunachar sonraí ina bhfuil faisnéis phearsanta faoi shaoránaigh na Brasaíle, mar thoradh ar iarrataí ar dhoiciméid agus ar phasanna; ríomhchláir a fhorbairt agus a chothabháil lena dtabharfaí faoin bpróiseas chun doiciméid arna n-eisiúint ag an tseirbhís taidhleoireachta do shaoránaigh na Brasaíle a ullmhú; táirgeadh leabhar pasanna (ALT 32610); agus seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí críochaithe teorainneacha.

(c) Nuair a sholáthraíonn Ministério da Defesa, Ministério da Justiça, agus Ministério da Educação í, níl feidhm ag Caibidil 20 maidir leis na cóid seo a leanas den Nomenclatura Comum do Mercosul (NCM): 61051000 (‘léinte cadáis cniotáilte d’fhir’), 61061000 (‘léinte, blúsanna, blúsanna *chemisier*, iad cniotáilte, do mhná, atá déanta as cadás’), 61091000 (‘léinte, lena n-áirítear an taobh istigh cniotáilte, atá déanta as cadás’), 61099000 (‘léinte, lena n-áirítear an taobh istigh cniotáilte, atá déanta as ábhar teicstíle eile’), 61102000 (‘geansaithe, forionair, cairdeagain, veisteanna agus nithe comhchosúla, iad cniotáilte, déanta as cadás’), 62034200 (‘cultacha, foirne éadaí, seaicéid, brístí, rabhlaer, brístí gearra cargó agus brístí gearra (seachas brístí gearra snámha) d’fhir, déanta as cadás’), 62052000 (‘léinte cadáis d’fhir’).

(d) Nuair a sholáthraíonn Ministério da Educação, Ministério da Justiça, Ministério da Saúde agus a ngníomhaireachtaí gaolmhara faoi seach iad, forchoimeádann an Bhrasaíl an ceart chun tairiscint theoranta a úsáid chun earraí a sholáthar arna soláthar ag comhlacht nó eintiteas a chomhtháthaíonn an Riarachán Poiblí, mar a shainmhínítear le Dlí Foraithne 200 an 25 Feabhra, 1967, agus a cruthaíodh chun na críche sonraí sin, roimh theacht i bhfeidhm an dlí tairisceana nua 14.133/21, ar choinníoll go bhfuil an praghas conarthach comhoiriúnach le praghas an mhargaidh.

EINTITIS RIALTAIS FO-LÁIR

Mura sonraítear a mhalairt, cumhdaíonn Caibidil 20 soláthar a dhéanann eintitis a liostaítear san Fhoscríbhinn seo, faoi réir na dtairseach seo a leanas:

Tairseacha:

| | |
|---|---|
| Earraí | 216000 CTS |
| Seirbhísí | 216000 CTS |
| Seirbhísí foirgníochta | 8000000 CTS |

Liosta de na hEintitis:

1. ACRE

   Eintitis uile an Bhrainse Feidhmiúcháin, lena n-áirítear a ngníomhaireachtaí gaolmhara faoi seach. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsíonn ‘gníomhaireachtaí gaolmhara’ fochomhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an dlí phoiblí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leithligh acu laistigh de struchtúr na n-eintiteas a áirítear san Fhoscríbhinn seo.

2. AMAPÁ

   Eintitis uile an Bhrainse Feidhmiúcháin, lena n-áirítear a ngníomhaireachtaí gaolmhara faoi seach. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsíonn ‘gníomhaireachtaí gaolmhara’ fochomhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an dlí phoiblí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leithligh acu laistigh de struchtúr na n-eintiteas a áirítear san Fhoscríbhinn seo.

3. AMAZONAS

A. Eintitis uile an Bhrainse Feidhmiúcháin, lena n-áirítear a bhfoghníomhaireachtaí faoi seach. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsíonn ‘foghníomhaireachtaí’ fochomhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an dlí phoiblí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leithligh acu laistigh de struchtúr na n-eintiteas a áirítear san Fhoscríbhinn seo.

B. I gcás na n-eintiteas a liostaítear in Amazonas san Fhoscríbhinn seo, ní chumhdaítear leis an gComhaontú seo soláthar na nithe seo a leanas:

(a) earraí nó seirbhísí ealaíne nó cultúir;

(b) earraí agus seirbhísí a bhaineann le geilleagar comhshaoil fhoraois bháistí na hAmasóine.

4. CEARÁ

Eintitis uile an Bhrainse Feidhmiúcháin, lena n-áirítear a ngníomhaireachtaí gaolmhara faoi seach. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsíonn ‘gníomhaireachtaí gaolmhara’ fochomhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an dlí phoiblí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leithligh acu laistigh de struchtúr na n-eintiteas a áirítear san Fhoscríbhinn seo.

5. DISTRITO FEDERAL

A) An Brainse Feidhmiúcháin:

1. Rialtas Réigiúnach Arniqueira (Administração Regional da Arniqueira);

2. Rialtas Réigiúnach Candangolândia (Administração Regional da Candangolândia);

3. Rialtas Réigiúnach Águas Claras (Administração Regional de Águas Claras);

4. Rialtas Réigiúnach Brazlândia (Administração Regional de Brazlândia);

5. Rialtas Réigiúnach Ceilândia (Administração Regional de Ceilândia);

6. Rialtas Réigiúnach Planaltina (Administração Regional de Planaltina);

7. Rialtas Réigiúnach Samambaia (Administração Regional de Samambaia);

8. Rialtas Réigiúnach Santa Maria (Administração Regional de Santa Maria);

9. Rialtas Réigiúnach São Sebastião (Administração Regional de São Sebastião);

10. Rialtas Réigiúnach Sobradinho (Administração Regional de Sobradinho);

11. Rialtas Réigiúnach Sobradinho 2 (Administração Regional de Sobradinho 2);

12. Rialtas Réigiúnach Taguatinga (Administração Regional de Taguatinga);

13. Rialtas Réigiúnach Vicente Pires (Administração Regional de Vicente Pires);

14. Rialtas Réigiúnach Cruzeiro (Administração Regional do Cruzeiro);

15. Rialtas Réigiúnach Fercal (Administração Regional do Fercal);

16. Rialtas Réigiúnach Gama (Administração Regional do Gama);

17. Rialtas Réigiúnach Guará (Administração Regional do Guará);

18. Rialtas Réigiúnach Itapoã (Administração Regional do Itapoã);

19. Rialtas Réigiúnach Jardim Botânico (Administração Regional do Jardim Botânico);

20. Rialtas Réigiúnach Lago Norte (Administração Regional do Lago Norte);

21. Rialtas Réigiúnach Lago Sul (Administração Regional do Lago Sul);

22. Rialtas Réigiúnach N. Bandeirante (Administração Regional do N. Bandeirante);

23. Rialtas Réigiúnach Paranoá (Administração Regional do Paranoá);

24. Rialtas Réigiúnach Park Way (Administração Regional do Park Way);

25. Rialtas Réigiúnach Plano Piloto (Administração Regional do Plano Piloto);

26. Rialtas Réigiúnach Recanto das Emas (Administração Regional do Recanto das Emas);

27. Rialtas Réigiúnach Riacho Fundo 1 (Administração Regional do Riacho Fundo 1);

28. Rialtas Réigiúnach Riacho Fundo 2 (Administração Regional do Riacho Fundo 2);

29. Rialtas Réigiúnach na hEarnála Comhlántaí Tionscail agus Soláthair (SCIA) agus na Cathrach Struchtúracha (Administração Regional do SCIA e Estrutural);

30. Rialtas Réigiúnach na hEarnála Tionscail agus Soláthair – SIA (Administração Regional do SIA);

31. Rialtas Réigiúnach Sol Nascente agus Pôr do Sol (Administração Regional do Sol Nascente e Pôr do Sol);

32. Rialtas Réigiúnach Sudoeste/Octogonal (Administração Regional do Sudoeste/Octogonal);

33. Rialtas Réigiúnach Varjão (Administração Regional do Varjão);

34. Teach Míleata (Casa Militar);

35. Seirbhís Dóiteáin Mhíleata an Cheantair Chónaidhme (Corpo de Bombeiros Militar do Distrito Federal);

36. Fondúireacht an Ghairdín Lusanna in Brasília (Fundação Jardim Botânico de Brasília);

37. Ollscoil an Cheantair Chónaidhme (Universidade do Distrito Federal — UnDF);

38. Póilíní Sibhialta an Cheantair Chónaidhme (Polícia Civil do Distrito Federal);

39. Póilíní Míleata an Cheantair Chónaidhme (Polícia Militar do Distrito Federal);

40. Oifig Ard-Ionchúisitheoir an Cheantair Chónaidhme (Procuradoria-Geral do Distrito Federal) (Nóta 5.3.b.);

41. Oifig Cumarsáide an Cheantair Chónaidhme (Secretaria de Comunicação do Distrito Federal);

42. An Oifig Stáit um Riarachán Peannaideach (Secretaria de Estado da Administração Penitenciária);

43. An Oifig Stáit um Thalmhaíocht, Soláthar Bia agus Forbairt Tuaithe (Secretaria de Estado da Agricultura, Abastecimento e Desenvolvimento Rural);

44. An Oifig Stáit um Ghnóthaí Sibhialta (Secretaria de Estado da Casa Civil);

45. An Oifig Stáit um an Óige agus Aosaigh Óga (Secretaria de Estado da Juventude);

46. An Oifig Stáit um Mná (Secretaria de Estado da Mulher);

| 7309.00 | Taiscumair, umair, dabhcha agus taisceadáin eile den chineál sin, iad déanta as iarann nó as cruach, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh is mó ná 300 l iontu, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu |
| 7310 | Umair, bairillí, drumaí, cannaí, boscaí agus taisceadáin eile den chineál céanna, iad déanta as iarann nó as cruach, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh iontu nach mó ná 300 l, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu |
| 7311.00.00 | Taisceadáin le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe agus iad déanta as iarann nó as cruach |
| 7313.00.00 | Sreang dheilgneach agus í déanta as iarann nó as cruach; fonsa lúbach nó sreang chothrom shingil, bíodh sí deilgneach nó ná bíodh, agus sreang dhúbailte atá casta go scaoilte, den chineál a úsáidtear le haghaidh fál a thógáil, é déanta as iarann nó as cruach |
| 73.14 | Éadach (lena n-áirítear bandaí éigríochta), greille, líontán agus fálta, iad déanta as sreang iarainn nó sreang chruach; Earraí eile déanta as iarann nó cruach |
| 73.17.00 | Tairní, greamanna, bioráin ordóige, tairní rocacha, stáplaí (gan na cinn atá faoi cheannteideal 83.05 a áireamh) agus earraí eile den chineál sin, iad déanta as iarann nó as cruach, bíodh cnogaí ó ábhar eile orthu nó ná bíodh, agus gan earraí a bhfuil cnogaí copair orthu a áireamh |
| 8303.00.00 | Taisceadáin, cófraí daingne, doirse agus locair slántaisce atá armúrtha nó treisithe le haghaidh seomraí daingne, taisceadáin le haghaidh páipéir ghníomhais, nó airgead tirim agus a leithéid, agus codanna díobh, iad déanta as táirmhiotal |
| 83.11 | Sreang, slata, feadáin, plátaí, leictreoidí agus táirgí comhchosúla, iad déanta as táirmhiotal nó as cairbídí miotail atá brataithe le hábhar flosca, nó ábhar flosca ina gcroílár, de chineál a úsáidtear chun miotal nó cairbídí miotail a shádráil, a phrásáil, a tháthú nó a dheascadh; sreang agus slata, iad déanta as púdar comhdhlúite táirmhiotail, a úsáidtear chun miotal a spraeáil |
| 8701.95.90 | Tarracóirí (seachas tarracóirí atá faoi cheannteideal 87.09. Eile, agus cumhacht a n-innill. níos mó ná 130 kW |
| 8703.22 | Feithiclí eile, nach bhfuil iontu ach inneall loiní frithingeach dócháin inmheánaigh spréach-adhainte. ina bhfuil toilleadh sorcóra is mó ná 1000 cc ach nach mó ná 1500 cc |

| Ainmníocht CC 2017 | Tuairisc |
|---|---|
| 8703.23 | Feithiclí eile, nach bhfuil iontu ach inneall loiní frithingeach dócháin inmheánaigh spréach-adhainte. ina bhfuil toilleadh sorcóra is mó ná 1500 cc ach nach mó ná 3000 cc |
| 8704.21.90 | Mótarfheithiclí chun earraí a iompar. Eile, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (inneall díosail nó leathdhíosail). ‘Ollmhais feithicle’ nach mó ná 5 thonna |
| 8704.22.90 | Mótarfheithiclí chun earraí a iompar. Eile, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (inneall díosail nó leathdhíosail). ‘Ollmhais feithicle’ is mó ná 5 thonna ach nach mó ná 20 tonna |
| 8704.31.90 | Mótarfheithiclí chun earraí a iompar. Eile, ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh spréach-adhainte. ‘Ollmhais feithicle’ nach mó ná 5 thonna |
| 8711.20.20 | Gluaisrothair ina bhfuil toilleadh sorcóra is mó ná 125 $cm^3$ |
| 8711.20.10 | Gluaisrothair ina bhfuil toilleadh sorcóra nach mó ná 125 $cm^3$ |

SEIRBHÍSÍ

Cumhdaítear le Caibidil 20 soláthar na seirbhísí rialtais a liostaítear thíos, arna dhéanamh ag na heintitis a liostaítear i bhFoscríbhinní 20-D-1 agus 20-D-2, a shainaithnítear i gcomhréir le doiciméad MTN.GNS/W/120, Iúil 10, 1991, ó EDT, agus le hAicmiú Lárnach Táirgí Sealadach Pháipéir Staidrimh na Náisiún Aontaithe, sraith M, uimhir 77.

| **E**ARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA | | ALT Comhfhreagrach |
|---|---|---|
| 1. | SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| B. | Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara | Roinn B |
| a. | Seirbhísí sainchomhairleoireachta a bhaineann le suiteáil crua-earraí ríomhaire | 84100 |
| b. | Seirbhísí anailíse córais | 84220 |
| c. | Seirbhísí próiseála sonraí | 843 |
| d. | Seirbhísí bunachair sonraí | 844 |
| C. | Seirbhísí taighde agus forbartha | |
| b. | Seirbhísí taighde agus forbartha maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí | 852 |
| F. | Seirbhísí gnó eile | |
| b. | Seirbhísí pobalbhreitheanna | 86402 |
| c. | Seirbhísí sainchomhairleoirí bainistíochta | 865 |
| d. | Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bhainistíochta | 866 |
| h. | Seirbhísí a bhaineann leis an mianadóireacht | 883+5115 |
| n. | Cothabháil agus deisiú trealaimh (gan longa, aerárthaí agus trealamh iompair eile a áireamh) | 663+8861-8866 |
| s. | Seirbhísí arna soláthar tráth tionóil nó comhdhálacha | 87909* |
| 2. | SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE | |
| C. | Seirbhísí teileachumarsáide | |
| 4. | SEIRBHÍSÍ DÁILEACHÁIN | |
| B. | Seirbhísí trádála mórdhíola | 622 |
| C. | Seirbhísí miondíola | 631+632 6111 +6113+6121 |
| D. | Seirbhísí saincheadúnais | 8929 |
| 7. | SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | |
| C. | Seirbhísí athárachais agus aisghéillte | 81299* |
| 9. | SEIRBHÍSÍ TURASÓIREACHTA AGUS SEIRBHÍSÍ A BHFUIL BAINT ACU LE TAISTEAL | |

| | **E**ARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA | ALT Comhfhreagrach |
|---|---|---|
| A. | Óstáin agus bialanna (lena n-áirítear seirbhísí soláthair bia ón taobh amuigh de réir conartha) | 641-643 |
| C. | Seirbhísí treoraithe turais | 7472 |

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

Ní chumhdaítear seirbhísí foirgníochta leis an bhFoscríbhinn seo.

NÓTAÍ GINEARÁLTA

Tá feidhm ag na nótaí ginearálta seo a leanas maidir le Caibidil 20.

1. Sna tairiscintí poiblí náisiúnta a ghlaonn na heintitis a chumhdaítear le Foscríbhinní 20-D-1- agus 20-D-2, forchoimeádann Paragua an ceart chun cláir thacaíochta a chur i bhfeidhm le haghaidh táirgeadh agus fostaíocht ar bhonn conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag Stát Pharagua. Maidir le cláir thacaíochta le haghaidh táirgeadh agus fostaíocht náisiúnta, féadfaidh Paragua an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) ar feadh 18 mbliana (ocht mbliana déag) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, corrlach fabhar praghsanna 20 % (fiche faoin gcéad) a chur i bhfeidhm maidir le táirgí agus seirbhísí de thionscnamh náisiúnta:

      (i) i dtáirgí, nuair atá saothar, amhábhair agus ionchuir ó Pharagua ar chéatadán atá cothrom le nó níos mó ná 40 % (daichead faoin gcéad); agus

      (ii) in oibreacha bóthair, tógálacha, seirbhísí cothabhála, iompar, árachas, comhairliúchán agus eile i gcoitinne i gcás ina bhfuil níos mó ná 70 % (seachtó faoin gcéad) d'fhoireann an tsoláthraí de náisiúntacht Pharagua;

   (b) ar feadh 10 (deich) mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cláir thacaíochta a úsáid chun nuálaíocht agus taighde eolaíoch agus teicneolaíoch a spreagadh, lena n-áirítear fritháirimh ar choinníoll go bhfuil a gcoinníollacha agus a measúnú neamh-idirdhealaitheach agus go léirítear iad san fhógra faoi sholáthar beartaithe agus go bhfuil siad sainithe go soiléir sna doiciméid soláthair;

2. Ní bheidh feidhm ag Caibidil 20 nuair a thagraíonn ábhar na tairisceana do bheartais náisiúnta atá dírithe ar an méid seo a leanas: oideachas, seirbhísí don tsláinte phoiblí a áirítear i gcláir arna bhformheas ag an Aireacht Sláinte, slándáil bia agus cothaithe agus cláir bheathaithe scoile, agus cláir feirmeoireachta teaghlaigh, de réir dhlí Pharagua.

3. Níl feidhm ag Caibidil 20 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) ceannacháin institiúidí faoi úinéireacht stáit agus aon institiúid phoiblí eile nach liostaítear i bhFoscríbhinní 20-D-1 agus 20-D-2 de Pharagua;

(b) conarthaí chun seirbhísí a tharmligean, amhail údaruithe, ceadanna agus lamháltais, lena n-áirítear oibreacha poiblí a lamháltas;

(c) comhaontuithe neamhchonarthacha nó aon chineál cúnaimh a sholáthraíonn Páirtí nó fiontar faoi úinéireacht stáit, lena n-áirítear conradh faoi chláir a mhaoinítear le hiasachtaí ó eagraíochtaí airgeadais idirnáisiúnta, deonacháin, méaduithe caipitil, dreasachtaí cánach, fóirdheontais, ráthaíochtaí, comhaontuithe, comhar agus soláthar poiblí earraí agus seirbhísí do dhaoine nó do rialtais ar an leibhéal réigiúnach, cúige nó áitiúil;

(d) conarthaí a síníodh chun cúnamh eachtrach a thabhairt agus chun na críche sin amháin;

(e) soláthar poiblí a dhéantar lasmuigh de chríoch an Pháirtí lena thomhailt lasmuigh de chríoch an Pháirtí;

(f) seirbhísí gníomhaireachtaí nó seirbhísí trádstóras cánach a fháil, seirbhísí leachtaithe agus riaracháin d'institiúidí airgeadais rialáilte, ná seirbhísí díola agus dáilte fiachais phoiblí; nó

(g) soláthar poiblí a dhéantar i measc eintitis phoiblí, bíodh siad san áireamh i bhFoscríbhinn 20-D-1 nó ná bíodh, fad nach ndéantar cuspóir an chonartha a chur amach ar fochonradh chuig tríú duine nach eintiteas poiblí é agus ar choinníoll go dtagraíonn cuspóir an chonartha d'earraí agus do sheirbhísí lóistíochta, sóisialta agus oideachais.

**IARSCRÍBHINN 20-E**

URAGUA

EINTITIS RIALTAIS LÁIR

(a) Tairseacha le haghaidh earraí agus seirbhísí:

(i) Ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh an 10ú (an deichiú) bliain tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, agus uaidh sin ar aghaidh: 211 951 CTS (dhá chéad is aon mhíle dhéag, naoi gcéad caoga a haon);

(ii) Ón 11ú bliain (an t-aonú bliain déag) go dtí deireadh an 15ú bliain (an cúigiú bliain déag) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 200 000 CTS (dhá chéad míle); agus

(iii) Ón 16ú bliain (séú bliain déag) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uaidh sin ar aghaidh: 130 000 CTS (céad is tríocha míle).

(b) Tairseacha le haghaidh seirbhísí foirgníochta:

5 652 032 CTS (cúig mhilliún, sé chéad caoga is dhá mhíle, tríocha a dó) le haghaidh na seirbhísí foirgníochta nó na n-oibreacha poiblí a shonraítear i bhFoscríbhinn 20-E-6.

Liosta Uragua

Mura sonraítear a mhalairt, tá feidhm ag Caibidil 20 maidir leis na heintitis a liostaítear thíos:

An Brainse Feidhmiúcháin:

(a) Presidencia de la República

(b) Ministerio de Defensa Nacional (Aireacht na Cosanta Náisiúnta)

(c) Ministerio del Interior

(d) Ministerio de Economía y Finanzas

(e) Ministerio de Relaciones Exteriores

(f) Ministerio de Ganadería, Agricultura y Pesca

(g) Ministerio de Industria, Energía y Minería

(h) Ministerio de Turismo

(i) Ministerio de Transporte y Obras Públicas

(j) Ministerio de Educación y Cultura

(k) Ministerio de Salud Pública

(l) Ministerio de Trabajo y Seguridad Social

(m) Ministerio de Vivienda y Ordenamiento Territorial

(n) Ministerio de Desarrollo Social

(o) Ministerio de Ambiente

An Brainse Reachtach:

(a) Cámara de Senadores;

(b) Cámara de Representantes;

(c) Asamblea General;

(d) Comisión Permanente;

(e) Comisión Administrativa.

An Brainse Breithiúnach:

(a) Suprema Corte de Justicia;

(b) Tribunales de Apelaciones;

(c) Juzgados Letrados de Primera Instancia;

(d) Juzgados de Paz Departamentales de la Capital;

(e) Juzgados de Faltas;

(f) Juzgados de Paz Departamentales del Interior;

(g) Juzgados de Paz de las Ciudades, Villas o Pueblos del Interior;

(h) Juzgados de Paz Rurales.

Eile:

(a) Corte Electoral (An Chúirt Toghcháin)

(b) Tribunal de Cuentas (An Chúirt Iniúchóirí)

(c) Tribunal de lo Contencioso Administrativo (An Chúirt um Ábhair Riaracháin)

Nótaí a bhaineann le liosta na n-eintiteas a leagtar amach thuas i bhFoscríbhinn 20-E-1:

1. Ní áirítear le soláthar earraí agus seirbhísí ag Uachtaránacht Uragua an soláthar a dhéanann Unidad Operativa Central de chuid Plan Nacional de Integración Socio-Habitacional Juntos, a socraíodh le Ley nº 18.829 de 24 de octubre de 2011;

2. Ní áirítear na hearraí a liostaítear thíos i gceannacháin arna ndéanamh ag an Ministerio de Defensa Nacional agus ag an Ministerio del Interior:

(a) ábhar cogaidh núicléach;

(b) trealamh rialaithe tine;

(c) armlón agus pléascáin;

(d) diúracáin;

(e) aerárthaí agus comhpháirteanna le haghaidh aerárthaí;

(f) trealamh chun aerárthaí a éirí de thalamh, a thuirlingt agus a láimhseáil ar an talamh;

(g) báid agus trealamh muirí; agus

(h) armáil.

Ní chumhdaítear soláthar earraí arna ndéanamh ag an Ministerio de Defensa Nacional ná ag Ministerio del Interior le Roinn 2 (Bia, Deochanna agus Tobac, Táirgí Teicstíle agus Éadaigh agus Leathair) d'Aicmiú Lárnach Táirgí (ALT) Leagan 1.0.) de na Náisiúin Aontaithe.

EINTITIS RIALTAIS FO-LÁIR

1. Tionscnóidh Uragua imeachtaí comhairliúcháin inmheánacha lena rialtais roinne d'fhonn leibhéal sásúil cumhdaigh a ghealladh ar an leibhéal fo-lárnach. Déanfar comhairliúcháin d'fhonn na heintitis uile faoi na rialtais roinne a fhostú. Measfar an cumhdach a bheith sásúil má chuimsíonn sé rialtais roinne a ghineann 65 % (seasca a cúig faoin gcéad) ar a laghad dá OTI náisiúnta.

2. Tabharfaidh Uragua na comhairliúcháin sin i gcrích tráth nach déanaí ná 2 (dhá) bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus tabharfaidh sí fógra láithreach don Aontas Eorpach faoi thorthaí na gcomhairliúchán sin.

3. Ar choinníoll gur baineadh amach an cumhdach sásúil a leagtar amach faoi mhír 1, glacfaidh an Chomhairle Trádála cinneadh an Fhoscríbhinn seo a mhodhnú dá réir.

**Foscríbhinn 20-E-3**

EINTITIS EILE

Eintitis fhéinrialaitheacha:

1. Administración Nacional de Educación Pública (ANEP)

2. Banco Central del Uruguay (BCU)

3. Banco de la República Oriental del Uruguay (BROU)

4. Banco de Seguros del Estado (BSE)

5. Consejo Directivo Central (CODICEN)

6. Instituto Nacional de Colonización (INC)

7. Universidad de la República (UDELAR)

8. Universidad Tecnológica (UTEC)

Seirbhísí díláraithe:

1. Administración Nacional de Correos (ANC)

2. Instituto Uruguayo de Meteorología (INUMET)

Nótaí a bhaineann le liosta na n-eintiteas a leagtar amach thuas (Foscríbhinn 20-E-3)

1. Ní áirítear i gceannacháin Administración Nacional de Educación Pública na ceannacháin sin a dhéantar chun earraí a fháil, a fhorghníomhú nó a dheisiú, nó chun seirbhísí a fhruiliú, chun cothabháil agus feabhsuithe bonneagair a dhéanamh ar áitribh teagaisc faoina spleáchas.

2. Ní áirítear i gceannacháin a dhéanann Universidad de la República na ceannacháin sin a dhéantar chun earraí a fháil, a fhorghníomhú, a dheisiú nó chun seirbhísí a fhruiliú le haghaidh taighde eolaíoch.

# EARRAÍ

Tá feidhm ag Caibidil 20 maidir le gach soláthar poiblí earraí arna bhfáil ag eintitis a áirítear in Iarscríbhinn 20-E, mura sonraítear a mhalairt i bhFoscríbhinní 20-E-1 go 20-E-7.

SEIRBHÍSÍ

Tá feidhm ag Caibidil 20 maidir le gach soláthar poiblí seirbhísí atá ar conradh ag eintitis a áirítear ar Iarscríbhinn 20-E de liosta Uragua, mura sonraítear a mhalairt i bhFoscríbhinní 20-E-1 go 20-E-7.

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

Tá feidhm ag Caibidil 20 maidir le gach soláthar poiblí seirbhísí atá ar conradh ag eintitis a áirítear in Iarscríbhinn 20-E i liosta Uragua, mura sonraítear a mhalairt i bhFoscríbhinní 20-E-1 go 20-E-7.

NÓTAÍ GINEARÁLTA

Tá feidhm ag na nótaí ginearálta seo a leanas maidir le Caibidil 20.

1. Níl feidhm ag Caibidil 20 maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) ceannacháin amhola agus a díorthach, bunolaí, breiseáin bhealaidh agus a muirir lasta faoi seach;

   (b) ceannacháin fuinnimh;

   (c) ceannach beostoic trí roghnú, i gcás eiseamail a bhfuil saintréithe speisialta acu;

   (d) seirbhísí airgeadais a chur amach ar conradh;

   (e) conarthaí chun seirbhísí a tharmligean, amhail údaruithe, ceadanna agus lamháltais, lena n-áirítear oibreacha poiblí a lamháltas;

   (f) na conarthaí a rinneadh faoi chuimsiú an Chláir Soláthair Phoiblí le haghaidh Forbartha agus an dlí maidir le feirmeoireacht teaghlaigh agus iascaireacht ar mionscála;

   (g) seirbhísí gníomhaireachtaí nó seirbhísí de thaiscí fioscacha cánach, seirbhísí leachtaithe agus riaracháin d'institiúidí airgeadais rialáilte a fháil, ná seirbhísí díola agus dáilte fiachais phoiblí;

(h) soláthar poiblí arna dhéanamh ag eintiteas chuig eintiteas nó cuideachta eile de chuid Stát Uragua, bíodh sé liostaithe i bhFoscríbhinní 20-E-1, 20-E-2 agus 20-E-3 nó ná bíodh.

(i) institiúidí neamhbhrabúis a fhostú atá tiomnaithe do chúnamh sóisialta, do theagasc, do thaighde agus d'fhorbairt institiúideach; nó

(j) soláthar poiblí a dhéantar lasmuigh de chríoch Urugua lena thomhailt lasmuigh de chríoch an Pháirtí.

2. D'ainneoin aon fhoráil den Chomhaontú seo, i gconarthaí seirbhísí foirgníochta nó in oibreacha poiblí, féadfaidh Uragua corrlach fabhair a dheonú i bpraghas na dtairiscintí, agus d'fhéadfadh an corrlach fabhair sin a bheith coinníollach ar náisiúnaigh a fhostú, i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta arna mbunú i ndlí Uragua.

Léireofar an coinníoll sin san fhógra faoi sholáthar beartaithe agus saineofar go soiléir é sa doiciméadacht tairisceana;

Eisceachtaí ar an nós imeachta tairisceana poiblí

Féadfaidh eintitis conarthaí a dhámhachtain ar bhealaí eile seachas na nósanna imeachta tairisceana oscailte, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás seirbhísí foirgníochta nó oibreacha poiblí, nuair atá gá le seirbhísí foirgníochta sa bhreis ar na seirbhísí a conraíodh ar dtús, chun freagairt d'imthosca gan choinne agus atá na seirbhísí foirgníochta sin riachtanach chun cuspóirí an chonartha ar a bhfuil siad bunaithe a chomhlíonadh; ní fhéadfaidh luach iomlán na gconarthaí arna ndámhachtain do na seirbhísí breise foirgníochta nó oibreacha poiblí sin a bheith níos mó ná 50 % (caoga faoin gcéad) de mhéid an phríomhchonartha; agus

(b) i gcás ina n-éilíonn eintiteas seirbhísí comhairliúcháin a bhaineann le hábhair de chineál rúnda a bhféadfaí coinne réasúnach a bheith leis go ndéanfadh a nochtadh dochar d'fhaisnéis rúnda na hearnála poiblí, suaitheadh tromchúiseach eacnamaíoch a chruthú nó, ar shlí eile, a bheith contrártha do leas an phobail.

**IARSCRÍBHINN 20-F**

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ SAN AONTAS

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Liostaítear san Fhoscríbhinn seo an meán leictreonach nó páipéir a úsáideann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit chun dlíthe, rialacháin, cinntí breithiúnacha, rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo, clásail agus nósanna imeachta caighdeánacha conartha dá dtagraítear in Airteagal 20.12, maidir le soláthar poiblí a chumhdaítear le Caibidil 20.

1. LEIBHÉAL AN AONTAIS EORPAIGH

Faisnéis maidir le córas soláthair phoiblí an Aontais Eorpaigh:

(a) http://simap.ted.europa.eu/index_en.html

(b) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

2. BALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH

BELGIQUE/BELGIË /// AN BHEILG

(a) Dlíthe, rialacháin ríoga, rialacháin airí, ciorcláin airí:

le Moniteur Belge.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Pasicrisie.

AN BHULGÁIR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Държавен вестник (Iris an Stáit).

(b) Cinntí breithiúnacha:

http://www.sac.government.bg.

(c) Rialuithe riarthacha ag a bhfuil feidhm ghinearálta agus aon nós imeachta:

http://www.aop.bg; agus

http://www.cpc.bg.

AN tSEICIA

(a) Dlíthe agus Rialacháin:

Bailiúchán Dlíthe Phoblacht na Seice.

(b) Rialuithe na hOifige um Chosaint na hIomaíochta:

Bailiúchán Rialuithe na hOifige um Chosaint Iomaíochta.

AN DANMHAIRG

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Lovtidende.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Ugeskrift for Retsvaesen.

(c) Rialuithe agus nósanna imeachta riarthacha:

Ministerialtidende.

(d) Rialuithe ó Bhord na Danmhairge um Ghearáin maidir le Soláthar Poiblí:

Kendelser fra Klagenævnet for Udbud.

AN GHEARMÁIN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Bundesgesetzblatt; agus

Bundesanzeiger.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Entscheidungsammlungen des: Bundesverfassungsgerichts; Bundesgerichtshofs;

Bundesverwaltungsgerichts Bundesfinanzhofs sowie der Oberlandesgerichte.

AN EASTÓIN

(a) Dlíthe, rialacháin agus rialuithe riarthacha a bhfuil feidhm ghinearálta acu:

Riigi Teataja - http://www.riigiteataja.ee.

(b) Nósanna imeachta maidir le soláthar rialtais:

https://riigihanked.riik.ee.

ÉIRE

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris Oifigiúil (Iris Oifigiúil Rialtas na hÉireann).

AN GHRÉIG

Epishmh efhmerida eurwpaikwn koinothtwn (Iris Rialtas na Gréige).

AN SPÁINN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Boletín Oficial de Estado.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN FHRAINC

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Journal Officiel de la République française.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Recueil des arrêts du Conseil d'État; agus

Revue des marchés publics.

AN CHRÓIT

Narodne novine - http://www.nn.hr.

AN IODÁIL

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Gazzetta Ufficiale.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN CHIPIR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Επίσημη Εφημερίδα της Δημοκρατίας (Iris Oifigiúil na Poblachta).

(b) Cinntí breithiúnacha:

Αποφάσεις Ανωτάτου Δικαστηρίου 1999 — Τυπογραφείο της Δημοκρατίας (Cinntí ón Ard-Chúirt Uachtarach – Oifig Clódóireachta).

AN LAITVIA

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Latvijas vēstnesis (Nuachtán Oifigiúil).

AN LIOTUÁIN

(a) Dlíthe, rialacháin agus socruithe riaracháin:

Teisės aktų registras (Clár na nGníomhartha Dlí).

(b) Cinntí breithiúnacha:

Feasachán Chúirt Uachtarach na Liotuáine ‘Teismų praktika’; agus

Feasachán Chúirt Riaracháin Uachtarach na Liotuáine ‘Administracinių teismų praktika’.

LUCSAMBURG

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Mémorial.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Pasicrisie.

AN UNGÁIR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Magyar Közlöny (Iris Oifigiúil Phoblacht na hUngáire).

(b) Cinntí breithiúnacha:

Közbeszerzési Értesítő - a Közbeszerzések Tanácsa Hivatalos Lapja (Feasachán Soláthair Phoiblí - Iris Oifigiúil na Comhairle um Sholáthar Poiblí).

MÁLTA

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris an Rialtais.

AN ÍSILTÍR

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Nederlandse Staatscourant or Staatsblad.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN OSTAIR

(a) Dlíthe agus rialachán:

Österreichisches Bundesgesetzblatt; agus

Amtsblatt zur leis Wiener Zeitung.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Entscheidungen des Verfassungsgerichtshofes, Verwaltungsgerichtshofes, Obersten Gerichtshofes, der Oberlandesgerichte, des Bundesverwaltungsgerichtes und der Landesverwaltungsgerichte.

AN PHOLAINN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Dziennik Ustaw Rzeczypospolitej Polskiej (Iris na nDlíthe — Poblacht na Polainne).

(b) Cinntí breithiúnacha:

‘Zamówienia publiczne w orzecznictwie. Wybrane orzeczenia zespołu arbitrów i SąduOkręgowego w Warszawie’ (Rogha breitheanna ó phainéil eadrána agus ón gCúirt Réigiúnach i Várs á).

AN PHORTAINGÉIL

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Diário da República Portuguesa 1d Série A e 2a série.

(b) Foilseacháin Bhreithiúnacha:

Tá moill ar an lódáil, is cosúil;

Colectânea de Acordos do Supremo Tribunal Administrativo; agus

Colectânea de Jurisprudencia Das Relações.

AN RÓMÁIN

(a) Dlíthe agus Rialacháin:

Monitorul Oficial al României (Iris Oifigiúil na Rómáine).

(b) Cinntí breithiúnacha, rialuithe riarthacha ag a bhfuil feidhm ghinearálta agus aon nós imeachta:

http://www.anrmap.ro.

AN tSLÓIVÉIN

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine.

(b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN tSLÓVAIC

(a) Dlíthe agus rialacháin:

Zbierka zakonov (Bailiúchán Dlíthe).

(b) Cinntí breithiúnacha:

Gan aon fhoilseachán oifigiúil.

AN FHIONLAINN

Suomen Säädöskokoelma — Finlands Författningssamling (Bailiúchán Reachtanna na Fionlainne).

AN tSUALAINN

Svensk Författningssamling (Cód Reachtanna na Sualainne).

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

Liostaítear san Fhoscríbhinn seo an meán leictreonach nó páipéir a úsáideann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit chun fógraí a fhoilsiú de bhun Airteagal 20.12, maidir le soláthar poiblí a chumhdaítear le Caibidil 20.

1. LEIBHÉAL AN AONTAIS EORPAIGH

Forlíonadh ar Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus a leagan leictreonach:

(a) Ted (tairiscintí go leictreonach go laethúil) http://ted.europa.eu

(b) (fáil air freisin ón tairseach http://simap.ted.europa.eu/index_en.html)

2. BALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH

BELGIQUE/BELGIË /// AN BHEILG

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

(b) Le Bulletin des Adjudications; agus

(c) Foilseacháin eile sa phreas speisialaithe.

AN BHULGÁIR

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

(b) Държавен вестник (Iris an Stáit) — http://dv.parliament.bg; agus

(c) Clár Soláthair Phoiblí — http://www.aop.bg.

AN tSEICIA

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

AN DANMHAIRG

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

AN GHEARMÁIN

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

AN EASTÓIN

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

ÉIRE

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) eTenders (www.etenders.gov.ie).

AN GHRÉIG

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Foilsítear sa phreas laethúil, airgeadais, réigiúnach agus speisialaithe.

AN SPÁINN

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

AN FHRAINC

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Bulletin officiel des annonces des marchés publics.

AN CHRÓIT

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Elektronički oglasnik javne nabave Republike Hrvatske (Fógraí Rangaithe Leictreonacha Soláthair Phoiblí Phoblacht na Cróite).

AN IODÁIL

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

AN CHIPIR

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

(b) Iris Oifigiúil na Poblachta; agus

(c) An Preas Laethúil Áitiúil.

AN LAITVIA

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Latvijas vēstnesis (Nuachtán oifigiúil).

AN LIOTUÁIN

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

(b) Centrinė viešųjų pirkimų informacinė sistema (Tairseach Lárnach an tSoláthair Phoiblí); agus

(c) Forlíonadh faisnéise ‘Informaciniai pranešimai’ a ghabhann le hIris Oifigiúil (‘Valstybės žinios’) Phoblacht na Liotuáine.

LUCSAMBURG

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) An Preas laethúil.

AN UNGÁIR

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Közbeszerzési Értesítő — a Közbeszerzések Tanácsa Hivatalos Lapja (Feasachán Soláthair Phoiblí – Iris Oifigiúil na Comhairle um Sholáthar Poiblí).

MÁLTA

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Iris an Rialtais.

AN ÍSILTÍR

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

AN OSTAIR

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Amtsblatt zur leis Wiener Zeitung.

AN PHOLAINN

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Biuletyn Zamówień Publicznych (Feasachán Soláthair Phoiblí).

AN PHORTAINGÉIL

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

AN RÓMÁIN

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

(b) Monitorul Oficial al României (Iris Oifigiúil na Rómáine); agus

(c) Córas Leictreonach um Sholáthar Poiblí – http://www.e-licitatie.ro.

AN tSLÓIVÉIN

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Portal javnih naročil - http://www.enarocanje.si/?podrocje=portal.

AN tSLÓVAIC

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Vestnik verejneho obstaravania (Iris Soláthair Phoiblí).

AN FHIONLAINN

(a) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

(b) Julkiset hankinnat Suomessa ja ETA-alueella, Virallisen lehden liite (Soláthar Poiblí san Fhionlainn agus i Limistéar LEE, Forlíonadh a ghabhann le hIris Oifigiúil na Fionlainne).

AN tSUALAINN

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

_____

**IARSCRÍBHINN 20-G**

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ SAN AIRGINTÍN

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 20.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

- Boletín Oficial de la República Argentina
- Oficina Nacional de Contrataciones

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ[1]

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(d) d'Airteagal 20.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

– Boletín Oficial de la República Argentina

– Participación Público-Privada

– Portal de Compras Públicas de la República Argentina (COMPR.AR)

– Portal Electrónico de Contratación de Obra Pública (CONTRAT.AR)

_____

[1] D'ainneoin Airteagal 20.13(1), i gcás eintitis soláthair a chumhdaítear faoi Fhoscríbhinn 20-B-1, féadfaidh an Airgintín idirthréimhse suas le 18 mí (ocht mí dhéag) a chur i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Soláthróidh na heintitis sin, le linn na hidirthréimhse sin, a bhfógraí faoi sholáthar beartaithe trí naisc i suíomh leictreonach tairsí atá inrochtana saor in aisce.

**IARSCRÍBHINN 20-H**

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ SA BHRASAÍL

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 20.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:
https://www.gov.br/pncp/pt-br

Déanfar fógraí faoi sholáthar beartaithe a phoibliú ar Thairseach Náisiúnta na Brasaíle um Sholáthar Poiblí (Portal Nacional de Compras Públicas — PNCP), i dtéarmaí dhlíthe na Brasaíle, go sonrach Cód Sibhialta na Brasaíle (10.406, 10 Eanáir, 2002) agus Dlí na Brasaíle maidir le Soláthar Poiblí (14.133, 1 Aibreán 2021)

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(d) d'Airteagal 20.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

https://www.gov.br/compras/pt-br/

https://www.gov.br/pncp/pt-br

**IARSCRÍBHINN 20-I**

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ I bPARAGUA

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 20.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

Suíomh gréasáin:

Dirección Nacional de Contrataciones Públicas

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(d) d'Airteagal 20.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

Suíomh gréasáin:

Dirección Nacional de Contrataciones Públicas

**IARSCRÍBHINN 20-J**

FAISNÉIS AGUS FÓGRAÍ A FHOILSIÚ IN URAGUA

MEÁIN CHUN FAISNÉIS SOLÁTHAIR A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 20.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

– Suíomh gréasáin Agencia de Compras y Contrataciones del Estado (ACCE)

MEÁIN CHUN FÓGRAÍ A FHOILSIÚ

Foilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(d) d'Airteagal 20.12 ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

– Suíomh gréasáin Agencia de Compras y Contrataciones del Estado (ACCE)

**IARSCRÍBHINN 20-K**

FÓGRA ACHOMAIR

Áireofar an méid seo a leanas i ngach fógra achomair:

(a) ábhar an tsoláthair;

(b) an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach nó, i gcás inarb infheidhme, aon dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí a chur isteach ar rannpháirtíocht sa soláthar nó ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide; agus

(c) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a iarraidh.

**IARSCRÍBHINN 20-L**

FÓGRA INA nIARRTAR AR SHOLÁTHRÓIRÍ LEASMHARA
IARRATAS A DHÉANAMH AR A BHEITH SAN ÁIREAMH AR LIOSTA ILÚSÁIDE

Áireofar an méid seo a leanas i ngach fógra lena n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarratas a dhéanamh ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide:

(a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí, nó ar chatagóirí díobh, a bhféadfar an liosta a úsáid ina leith;

(b) na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht nach mór do sholáthróirí a chomhlíonadh i dtaobh a bheith san áireamh ar an liosta agus na modhanna a úsáidfidh an t-eintiteas soláthair lena fhíorú go gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha;

(c) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha go léir a fháil a bhaineann leis an liosta;

(d) tréimhse bhailíochta an liosta agus na modhanna chun é a athnuachan nó a fhoirceannadh, nó sa chás nach soláthraítear an tréimhse bhailíochta, léiriú ar an gcaoi a dtabharfar fógra maidir le húsáid an liosta a fhoirceannadh; agus

(e) léiriú go bhféadfar an liosta a úsáid le haghaidh soláthar a chumhdaítear le Caibidil 20.

_____

**IARSCRÍBHINN 20-M**

TRÉIMHSÍ AMA

Sprioc-am chun iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach i gcás nós imeachta tairisceana ar cuireadh

1. I gcás eintiteas soláthair a bhaineann úsáid as nós imeachta tairisceana ar cuireadh, suífidh sé nach mbeidh dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, i bprionsabal, níos luaithe ná 25 lá (cúig lá is fiche) ón dáta a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe. I gcás ina bhfágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair go bhfuil an tréimhse ama sin dofheidhmithe, féadfar an tréimhse a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 (deich) lá.

Sprioc-amanna chun tairiscintí a chur isteach

2. Ach amháin mar a fhoráiltear i míreanna 3, 4, 6 agus 7, suífidh eintiteas soláthair nach mbeidh an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach níos gairide ná 40 (daichead) lá ón dáta:

   (a) i gcás nós imeachta tairisceana oscailte, a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; nó

   (b) i gcás nós imeachta tairisceana ar cuireadh, a thabharfaidh an t-eintiteas fógra do sholáthróirí go n-iarrfar orthu tairiscintí a chur isteach, cibé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann sé liosta ilúsáide.

Cásanna inar féidir an tréimhse tairisceana (oscailte agus ar cuireadh) a laghdú

3. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse tairisceana a leagtar amach i mír 2 a laghdú go tréimhse nach gairide ná 10 (deich) lá más rud é:

(a) go bhfuil fógra faoi sholáthar pleanáilte foilsithe ag an eintiteas soláthair faoi Airteagal 20.13 (3) 40 (daichead) lá ar a laghad agus tráth nach mó ná 12 mhí (dhá mhí dhéag) roimh fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe, agus go bhfuil na nithe seo a leanas san fhógra faoi sholáthar pleanáilte:

(i) tuairisc ar an soláthar;

(ii) na neas-spriocdhátaí maidir le cur isteach tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht;

(iii) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a fháil; agus

(iv) an oiread faisnéise a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn 20-O le haghaidh an fhógra faoi sholáthar beartaithe, agus atá ar fáil;

(b) go léireoidh an t-eintiteas soláthair, le haghaidh soláthairtí de chineál athfhillteach, i bhfógra tosaigh faoi sholáthar beartaithe, go soláthrófar i bhfógraí ina dhiaidh sin tréimhsí tairisceana i gcomhréir leis an mír seo; nó

(c) go bhfágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair gur dofheidhmithe an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 2.

4. Féadfaidh eintiteas soláthair 5 (cúig) lá de laghdú a chur i bhfeidhm ar an tréimhse tairisceana a leagtar amach i mír 2 le haghaidh gach ceann de na himthosca seo a leanas:

(a) foilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe trí mheán leictreonach;

(b) cuirfear an doiciméadacht tairisceana go léir ar fáil trí mheán leictreonach ón dáta a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; agus

(c) féadfaidh an t-eintiteas soláthair na tairiscintí a fháil go leictreonach.

5. Ní bheidh sé ina thoradh i gcás ar bith ar úsáid mhír 4, i gcomhar le mír 3, go laghdófar an tréimhse tairisceana a leagtar amach i mír 2 go tréimhse is gairide ná 10 (deich) lá ón dáta a fhoilsítear an fógra faoi sholáthar beartaithe.

6. D'ainneoin aon fhoráil eile san Iarscríbhinn seo, i gcás ina gceannaíonn eintiteas soláthair earraí nó seirbhísí tráchtála, nó aon teaglaim díobh sin, féadfaidh sé an tréimhse tairisceana a leagtar amach i mír 2 a laghdú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tréimhse nach lú ná 13 lá (trí lá dhéag), ar choinníoll go bhfoilseoidh sé trí mheán leictreonach, an tráth céanna, an fógra faoi sholáthar beartaithe agus an doiciméadacht tairisceana araon; agus

(b) tréimhse nach lú ná 10 (deich) lá, má ghlacann an t-eintiteas le tairiscintí le haghaidh earraí tráchtála nó seirbhísí trí mheán leictreonach freisin.

7. Maidir le heintiteas soláthair a liostaítear i bhFoscríbhinní 20-A-2, 20-A-3, 20-B-2, 20-B-3, 20-C-2, 20-C-3, 20-D-2, 20-D-3, 20-E-2 agus 20-E-3, i gcás ina mbeidh na soláthróirí cáilithe uile nó líon teoranta soláthróirí cáilithe roghnaithe aige, féadfar an tréimhse tairisceana a shocrú trí chomhaontú frithpháirteach idir an t-eintiteas soláthair agus na soláthróirí roghnaithe. In éagmais comhaontaithe, ní bheidh an tréimhse níos lú ná 10 (deich) lá.

**IARSCRÍBHINN 20-N**

FOIRMLE COIGEARTAITHE TAIRSEACH

Le haghaidh an Aontais Eorpaigh:

(a) Déanfar an tairseach a choigeartú ag eatraimh 2 (dhá) bhliain agus tiocfaidh gach coigeartú i bhfeidhm an 1 Eanáir;

(b) Beidh ríomh luachanna na dtairseach bunaithe ar mheánluachanna laethúla na gceart tarraingthe speisialta (dá ngairtear 'CTSanna' anseo feasta) ar ráta malairte Euro thar na 24 mhí is fiche (ceithre mhí is fiche) dar críoch an 31 Lúnasa roimh an athbhreithniú le héifeacht ón 1 Eanáir ar aghaidh. Déanfar luach na dtairseach arna n-athbhreithniú amhlaidh a shlánú síos, más gá, go dtí an míle Euro is gaire. Is é an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'CAI' anseo feasta) foinse sonraí an ráta malairte; agus

(c) Cuirfidh an tAontas Eorpach luach na dtairseach nua-ríofa ar fáil go poiblí sula ngabhfaidh éifeacht leis na tairseacha faoi seach.

Le haghaidh Stáit Sínithe MERCOSUR:

(a) Déanfaidh gach Stát Sínithe MERCOSUR luach na dtairseach a ríomh agus a chomhshó ina airgeadra náisiúnta, agus úsáid á baint as rátaí comhshó CAI. Is éard a bheidh sna rátaí comhshó meánluachanna a n-airgeadraí náisiúnta faoi seach i dtéarmaí CTS arna fhoilsiú ag CAI ina 'Staidreamh Airgeadais Idirnáisiúnta' míosúil, thar an tréimhse 2 (dhá) bhliain roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain sular tháinig na tairseacha i bhfeidhm. Beidh feidhm ag na tairseacha comhshóite ón 1 Eanáir den bhliain ina dhiaidh sin ar aghaidh agus socrófar iad ar feadh 1 (aon) bhliain amháin; agus

(b) Cuirfidh gach ceann de Stáit Sínithe MERCOSUR luach na dtairseach nua-ríofa ar fáil go poiblí, ina n-airgeadra náisiúnta, sula ngabhfaidh éifeacht leis na tairseacha faoi seach.

_____

**IARSCRÍBHINN 20-O**

FÓGRA FAOI SHOLÁTHAR BEARTAITHE

Áireofar an méid seo a leanas i ngach fógra faoi sholáthar beartaithe:

(a) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair d'fhonn na doiciméid ábhartha go léir a fháil a bhaineann leis an soláthar, agus a gcostas agus a dtéarmaí íocaíochta, más ann dóibh;

(b) tuairisc ar an soláthar faoi chumhdach, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i gcás nach bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta;

(c) an modh soláthair atá le húsáid agus cé acu atá nó nach bhfuil caibidlíocht nó ceant leictreonach i gceist leis;

(d) an seoladh agus an dáta deiridh i dtaobh tairiscintí a chur isteach;

(e) an teanga nó na teangacha ina bhféadfar tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, an bhféadfar iad a chur isteach i dteanga seachas teanga oifigiúil de chuid Pháirtí an eintitis soláthair;

(f) i gcás conarthaí athfhillteacha, meastachán, más féidir, ar uainiú fógraí ina dhiaidh sin faoi sholáthar beartaithe;

(g) tuairisc ar aon roghanna;

(h) an fráma ama i ndáil le hearraí nó seirbhísí a sheachadadh, nó fad an chonartha;

(i) i gcás inarb infheidhme, an seoladh agus aon dáta deiridh i dtaobh iarrataí ar rannpháirtíocht sa soláthar a chur isteach;

(j) liosta agus tuairisc ghairid ar aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht soláthróirí; agus

(k) más rud é, de bhun Airteagal 20.15, go bhfuil sé ar intinn ag eintiteas soláthair líon teoranta soláthróirí cáilithe a roghnú a n-iarrfar orthu tairiscint a chur isteach, na critéir atá le húsáid chun iad a roghnú agus, i gcás inarb infheidhme, aon teorainn ar líon na soláthróirí a cheadaítear dóibh tairiscint a chur isteach.